2023/2552

30.11.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 155/2023

an 13 Meitheamh 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) agus Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2552]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/1784 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le trealamh táthúcháin de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 6x (Rialachán (AE) Uimh. 2019/2024 ón gCoimisiún) de Chaibidil IV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'6y. **32019 R 1784**: Rialachán (AE) 2019/1784 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le trealamh táthúcháin de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 272, 25.10.2019, lch. 121).'

Airteagal 2

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 26y (Rialachán (AE) Uimh. 2019/2024 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE:

'26z. **32019 R 1784**: Rialachán (AE) 2019/1784 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le trealamh táthúcháin de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 272, 25.10.2019, lch. 121).'

Airteagal 3

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2019/1784 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 14 Meitheamh 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 5

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 272, 25.10.2019, lch. 121.

* Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN